Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

**16902/24**

**DEVGEN 207**
**FIN 1129**
**COAFR 444**
**MAMA 253**
**ACP 135**
**RELEX 1605**
**MIGR 463**
**NDICI 27**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 16 Nollaig 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 16344/24 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 17/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic: d'ainneoin cineálacha nua cur chuige, níl an tacaíocht fócasaithe go fóill' - Conclúidí ón gComhairle (an 16 Nollaig 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 17/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic: d'ainneoin cineálacha nua cur chuige, níl an tacaíocht fócasaithe go fóill', a d'fhormheas an Chomhairle ag an 4070ú cruinniú dá cuid an 16 Nollaig 2024.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 17/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic: d'ainneoin cineálacha nua cur chuige, níl an tacaíocht fócasaithe go fóill'**

1. Ag aithint dó na hidirnaisc idir an imirce agus an fhorbairt, d'fhorbair an tAontas, in 2015, Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don chobhsaíocht agus chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá leis an imirce mírialta agus le daoine a bheith á n-easáitiú san Afraic (Ciste Iontaobhais AE don Afraic), cúnamh seachtrach lena gcuirtear an chobhsaíocht chun cinn, lena dtacaítear le tíortha comhpháirtíochta an imirce agus an t-easáitiú éigeantais a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí i dtreo na forbartha inbhuanaithe agus lena ndírítear ar an imirce mírialta, an smuigleáil imirceach agus ar gháinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac. Ag eascairt as an gcéad iniúchadh (Tuarascáil speisialta Uimh. 32/2018), rinne Cúirt Iniúchóirí na hEorpa an dara iniúchadh, inar mheas sí an méid seo: (1) go raibh ceithre mholadh thuarascáil 2018 curtha chun feidhme ag an gCoimisiún; (2) go raibh aird chuí tugtha ag an gCoimisiún ar chearta an duine nuair a bhí tacaíocht á cur ar fáil aige agus; (3) go raibh faireachán éifeachtach agus tuairisciú cruinn déanta ar thorthaí Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic agus go raibh siad inbhuanaithe.

2. Is díol sásaimh don Chomhairle Tuarascáil Speisialta Uimh. 17/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don chobhsaíocht agus chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá leis an imirce mírialta agus le daoine a bheith á n-easáitiú san Afraic (Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic) ina scrúdaítear ar dhírigh nó nár dhírigh Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh a thacaíocht ar a aidhmeanna a bhaint amach maidir le haghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na héagobhsaíochta, na himirce mírialta agus an easáitithe éigeantais san Afraic, agus aird chuí á tabhairt ar chearta an duine. Tugann an Chomhairle dá haire na conclúidí agus na moltaí atá iontu. Tugann an Chomhairle dá haire freisin na freagraí cuimsitheacha ón gCoimisiún atá i gceangal leis an Tuarascáil Speisialta agus is díol sásaimh di gur ghlac an Coimisiún lena raibh de mholtaí ann.

3. Meabhraítear don Chomhairle gur bunaíodh Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic chun an chobhsaíocht a chothú, rannchuidiú le bainistiú níos fearr a dhéanamh ar an imirce agus tacú le feabhas a chur ar rialachas foriomlán na himirce trí aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá leis an díchobhsú, leis an easáitiú éigeantais agus leis an imirce mírialta – go háirithe trí athléimneacht, deiseanna eacnamaíocha, comhdheiseanna, slándáil agus forbairt a chur chun cinn, agus trí aghaidh a thabhairt ar sháruithe ar chearta an duine. Seoladh Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic i mí na Samhna 2015 ag cruinniú mullaigh Vaileite maidir leis an imirce agus tacaíonn sé le 27 dtír sna trí réigiún seo: an tSaiheil agus Loch Shead, Corn na hAfraice, agus Tuaisceart na hAfraice.

4. Molann an Chomhairle na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun an imirce mírialta a chosc, lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí cuimsitheacha straitéiseacha san idirphlé le tíortha tionscnaimh agus idirthurais san Afraic. Cé go gcuidíonn an comhar um fhorbairt cheana féin le dul i ngleic le bunchúiseanna na himirce, tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis imní di gur chinn an Chúirt nach raibh tacaíocht do Chiste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic dírithe go leordhóthanach toisc aghaidh a bheith á tabhairt ar réimse ró-leathan gníomhaíochtaí forbartha, daonnúla agus slándála lena dtugtar aghaidh ar riachtanais shonracha, agus tháinig Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ar an tátal nach raibh an tacaíocht a cuireadh ar fáil go hiomlán comhleanúnach i gcónaí le comhthéacsanna áitiúla.

5. Aithníonn an Chomhairle freisin, cé gur chinntigh Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic go raibh an chinnteoireacht maidir le maoiniú níos tapúla go raibh an chonraitheoireacht níos moille ach fós féin laistigh de thréimhse ama réasúnta. Mar sin féin, bhí laigí ann maidir le cruinneas agus inbhuanaitheacht na dtorthaí atá tuairiscithe, agus níor tugadh aghaidh go cuimsitheach ar rioscaí maidir le cearta an duine.

6. Is díol sásaimh don Chomhairle tátal na Cúirte go bhfuil cur chuige nua forbartha ag Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic chun faisnéis a bhailiú faoi bhunchúiseanna na héagobhsaíochta, na himirce mírialta agus an easáitithe éigeantais. Ar an iomlán, chinn an Chúirt gur thuairiscigh tionscadail Chiste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic go ndearnadh go leor de na haschuir a bhí beartaithe iontu a thabhairt i gcrích agus gur bhain siad a gcuspóirí amach go pointe áirithe, in ainneoin na gcomhthéacsanna luaineacha agus leochaileacha ina n-oibríonn siad.

7. Tugtar barúlacha tábhachtacha i dTuarascáil Speisialta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le láidreachtaí agus laigí Chiste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic, chomh maith le moltaí luachmhara, ní hamháin le haghaidh ionstraimí agus próisis amach anseo, ach freisin le haghaidh ionstraimí atá i bhfeidhm faoi láthair, mar atá, an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda (ICFCI - An Eoraip Dhomhanda). Chuige seo, ní mór don Choimisiún an méid seo a dhéanamh: nós imeachta tosaíochta a fheabhsú; na ceachtanna a foghlaimíodh a chur san áireamh; comparáid fhóinteach idir dea-chleachtais a áirithiú; cur leis an gcumas na rioscaí a bhaineann le cearta an duine a shainaithint, obair leantach a dhéanamh orthu agus iad a mhaolú; agus feabhas a chur ar chruinneas ó thaobh tuairisciú ar a bhfuil bainte amach. Tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún na moltaí sin go léir a chur san áireamh sa phleanáil forbartha a dhéanfar amach anseo.

8. Agus na moltaí ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa á gcur san áireamh, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún cineálacha cur chuige inbhuanaithe a fhorbairt i dtreo níos mó comhleanúnachais idir an beartas forbartha agus an beartas imirce, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce mírialta ar bhealach inbhuanaithe. Ba cheart tacaíocht a thabhairt don oideachas teicniúil agus don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint, agus aird ar leith á tabhairt ar chumhachtú na mban mar ghníomhairí don athrú don fhorbairt inbhuanaithe. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag comhoibriú le tíortha tionscnaimh agus idirthurais ar bhealach a rachaidh chun tairbhe do chách trí chomhpháirtíochtaí cuimsitheacha a fhorbairt. Ba cheart go ndíreodh na comhpháirtíochtaí sin, i measc gnéithe eile, ar thacú le himircigh, dídeanaithe agus pobail óstacha i réigiúin tionscnaimh, i gcomhréir iomlán leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. Ar mhaithe le himirce rialta ordúil, is den ríthábhacht go mbeadh bealaí sábháilte dleathacha ann a bheadh i gcomhréir le hinniúlachtaí náisiúnta.

**Moladh 1: spriocdhíriú fianaisebhunaithe ar limistéir gheografacha agus ar thairbhithe a mhéadú**

9. Aithníonn an Chomhairle na dúshláin a bhí roimh Chiste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic, agus cur chuige nua á fhorbairt aige chun faisnéis a bhailiú faoi na bunchúiseanna atá leis an éagobhsaíocht, leis an imirce neamhrialta agus leis an heasáitiú, trína ndéantar rioscaí do chearta an duine a shainaithint i dtimpeallacht luaineach agus trína ndéantar tuairisciú ar a bhfuil bainte amach ag a chuid gníomhaíochtaí go léir nuair a bhreathnaítear orthu ar fad le chéile. Ag an am céanna, creideann an Chomhairle go daingean go bhfuil gá le córas iontaofa táscairí chun tosaíocht agus fócas a thabhairt do riachtanais, do thairbhithe agus do limistéir gheografacha is ábhartha, agus tosaíochtaí na dtíortha comhpháirtíochta á gcur san áireamh ag an am céanna, chomh maith leis an treoir straitéiseach a chuireann an Chomhairle ar fáil. Is díol sásaimh don Chomhairle gur ghlac an Coimisiún leis na moltaí ábhartha ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus go gcuirfidh sé feabhas ar thairiscintí oiliúna a bhaineann leis an imirce, nuair a bheifear á bpleanáil agus á ndearadh, chuig na seirbhísí ábhartha lena n-áirítear toscaireachtaí an Aontais.

10. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an cistiú a leithdháiltear ar shaincheisteanna imirce a neartú, trí úsáid a bhaint as critéir shoiléire agus as táscairí beachta chun leithdháileadh iomchuí agus éifeachtúil cistiúcháin a áirithiú, ar cistiú é atá tiomnaithe do dhúshláin imirce a sainaithníodh go sonrach agus atá fianaisebhunaithe.

11. Agus é a mheabhrú aici gné thrasteorann na himirce, iarrann an Chomhairle go mbeadh cur chuige comhtháite ann feadh na mbealaí imirce agus mar aon le comhar feabhsaithe le tíortha tionscnaimh, idirthurais agus cinn scríbe, ar gach leibhéal, trí chomhpháirtíochtaí cuimsitheacha a rachaidh chun tairbhe do chách.

12. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún comhleanúnachas a áirithiú idir beartais forbartha agus beartais imirce. Meabhraítear don Chomhairle an cur chuige solúbtha spreagthach dá bhforáiltear sa Rialachán maidir leis an ICFCI – An Eoraip Dhomhanda, agus iarrann sí ar an gCoimisiún leas iomlán a bhaint as an tsolúbthacht atá ann agus leanúint d’idirphlé fairsing maidir leis an imirce le tríú tíortha.

**Moladh 2: doiciméid Chiste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic a áireamh i lárstóras le go bhfeidhmeodh an lárstóras sin mar bhonn eolais le haghaidh gníomhaíochtaí amach anseo agus tógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh le haghaidh doiciméid ghníomhaíochta**

13. Tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún úsáid a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh ó thionscadail Chiste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh chun iad a chur i bhfeidhm i ngníomhaíochtaí atá á gcistiú ag an Aontas faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo maidir leis an imirce agus leis an bhforbairt agus chun iad a léiriú sa roinn de dhoiciméid ghníomhaíochta a bhaineann leis na ceachtanna a foghlaimíodh i gcomhréir leis na moltaí ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.

14. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún úsáid a bhaint as tuarascálacha taighde agus fianaisebhunaithe, go háirithe maidir leis an imirce, chun béim na ngníomhaíochtaí a dhéanfar amach anseo a ghéarú.

**Moladh 3: sainaithint rioscaí do chearta an duine a neartú agus gníomhaíocht mhaolúcháin a dhéanamh**

15. Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis imní di torthaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa; in ainneoin an cur chuige nuálach maidir le rioscaí do chearta an duine a shainaithint i dtimpeallacht dheacair nach raibh an measúnú ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chearta an duine cuimsitheach, agus nach raibh aon nós imeachta foirmiúil i bhfeidhm chun obair leantach chórasach a dhéanamh ar líomhaintí maidir le sáruithe ar chearta an duine i gcomhthéacs thionscadail Chiste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh.

16. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá prionsabal na neamhdhíobhála agus aontaíonn sí go mbeidh feabhsuithe de dhíth i ngníomhaíochtaí forbartha a dhéanfar amach anseo. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún tuairisciú, faireachán agus obair leantach leordhóthanach ar líomhaintí maidir le sáruithe ar chearta an duine a neartú agus a dhoiciméadú go foirmiúil i gcomhthéacs na dtionscadal arna gcistiú ag an Aontas, chomh maith leis an méid sin a chur i bhfeidhm maidir le gníomhaíochtaí imirce atá ar siúl faoi láthair agus gníomhaíochtaí a mhaoineoidh an tAontas amach anseo. Tathantaíonn sí ar an gCoimisiún breis forbartha a dhéanamh ar na hiarrachtaí sin agus nós imeachta láidir a fhorbairt maidir le gníomhaíochtaí leantacha.

**Moladh 4: feabhas a chur ar chruinneas ó thaobh tuairisciú ar a bhfuil bainte amach**

17. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá modheolaíocht chomhchuibhithe i measc ardstiúrthóireachtaí agus seirbhísí ábhartha an Choimisiúin chomh maith le tuairisciú cruinn ar chur chun feidhme tionscadal, agus na saincheisteanna slándála agus rochtana a d'fhéadfadh bac a chur ar na próisis faireacháin ar an láthair á n-aithint ag an am céanna.

18. Cuireann sí i bhfios go láidir freisin a thábhachtaí atá sé tuairisciú cruinn a dhéanamh ar chúnamh oifigiúil um fhorbairt agus iarrann sí ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar incháilitheacht thionscadail Chiste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh do COF, na tionscadail sin lena ngabhann riosca nach ndearnadh measúnú orthu mar is ceart a shainaithint mar thionscadail atá incháilithe go hiomlán do COF a luaithe is féidir, agus an tuairisciú chuig marcóir míchumais Choiste Cúnaimh Forbartha na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta a cheartú más gá.

19. Aontaíonn an Chomhairle leis an moladh ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an ngá atá leis an bhfaisnéis idir comhpháirtithe cur chun feidhme agus an Coimisiún a chomhroinnt ar bhealach níos fearr, chomh maith le feabhas a chur ar cháilíocht na dtáscairí coiteanna agus ar thuairisciú na sonraí a bhaineann lena gcur chun feidhme. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún tuilleadh faisnéise a áirithiú maidir leis na sonraí foluiteacha a úsáidtear do tháscairí ó lucht cur chun feidhme tionscadal, laistigh de theorainneacha an chreata dhlíthiúil agus na bhforálacha conarthacha is infheidhme. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart sonraí sa chomhthéacs sin a bheith ar fáil do na Ballstáit ar bhonn buan agus ar shonraí sonracha nuair a iarrtar sin i gcomhréir leis na rialacha agus na rialacháin is infheidhme.